AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2025
COM(2025) 508 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AGUS FEIDHMIÚ ÉIFEACHTÚIL THREOIR 2012/18/AE MAIDIR LE RIALÚ GUAISEACHA MÓRTHIONÓISCÍ A BHAINEANN LE SUBSTAINTÍ CONTÚIRTEACHA LE hAGHAIDH NA TRÉIMHSE 2019-2022

CLÁR

RÉAMHRÁ 2

1. ACHOIMRE AR THUARASCÁLACHA NA mBALLSTÁT 3

1.1. Staitisticí maidir le bunaíochtaí 3

1.1.1. Líon na mbunaíochtaí 3

1.1.2. Pleananna éigeandála seachtracha 6

1.1.3. Faisnéis don phobal 8

1.1.4. Cigireachtaí 10

1.1.5. Toirmeasc ar úsáid, pionóis agus ionstraimí comhéigneacha eile 12

1.2. Staitisticí maidir le mórthionóiscí 13

2 AN BEALACH CHUN CINN CHUN FEABHAS A CHUR AR CHOSC TIONÓISCÍ TIONSCLAÍOCHA 17

3 CONCLÚIDÍ 20

RÉAMHRÁ

Is bagairt mhór do dhaoine agus don chomhshaol iad mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha agus is minic a bhíonn siad ina gcúis le caillteanais shubstaintiúla eacnamaíocha agus a chuireann siad isteach ar fhás inbhuanaithe.

Sa chomhthéacs sin, leagtar amach i dTreoir 2012/18/AE[1] maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha ('Treoir Seveso III') an creat ábhartha maidir le bearta bainistithe riosca chun mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha a chosc agus chun ullmhacht, cosc agus freagairt iomchuí a áirithiú i gcás go dtarlódh tionóiscí den sórt sin mar sin féin.

B'éigean do na Ballstáit an Treoir sin a thrasuí faoin 1 Meitheamh 2015 agus cumhdaítear léi bunaíochtaí ina bhféadfadh substaintí contúirteacha a bheith i láthair (e.g. le linn próiseála nó stórála) i gcainníochtaí a sháraíonn tairseacha áirithe. Ag brath ar líon na substaintí contúirteacha atá i láthair nó ar dócha go mbeidh siad i láthair, déantar bunaíochtaí a chatagóiriú ina sraitheanna íochtaracha agus uachtaracha, agus tá ceanglais níos déine ag gabháil leis an dara ceann.

Dá bhrí sin, tá ról lárnach ag Treoir Seveso III maidir leis an Aontas atá an-tionsclaithe a stiúradh i dtreo truailliú nialasach ó thionóiscí tionsclaíocha, gealltanas a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Phlean Gníomhaíochta Saor ó Thruailliú. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil 4 bliana ar fáil don Choimisiún maidir le cur chun feidhme Threoir Seveso III, i gcomhréir le hAirteagal 21(2) di. Déantar achoimre sa tuarascáil seo ar aighneachtaí na mBallstát le haghaidh na tréimhse 2019-2022, de bhun Airteagal 29[2], chun faisnéis a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le staid reatha chur chun feidhme Threoir Seveso III.

Tagann sé sna sála ar an gcéad tuarascáil a foilsíodh in 2021 agus a chumhdaigh an tréimhse 2015-2018[3].

Tá dhá chuid sa tuarascáil seo:

- Déantar achoimre i gCuid I ar fhaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil maidir le cur chun feidhme Threoir Seveso III. Cumhdaítear i Roinn 1.1 faisnéis a bailíodh trí na tuarascálacha a chuir na Ballstáit isteach i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/896/AE ón gCoimisiún[4], lena ndírítear ar réimsí fadhbanna a sainaithníodh níos luaithe, faisnéis ar forlíonadh í le sonraí maidir le bunaíochtaí Seveso a baineadh as bunachar sonraí Chóras Aisghabhála Faisnéise Gléasraí Seveso (eSPIRS)[5]. Is é is

([1]) Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle, IO L 197, 24.7.2012, lgh. 1-37.

([2]) Rinneadh sonraí maidir leis an Ríocht Aontaithe a mheas maidir leis an líon bunaíochtaí Seveso a tuairiscíodh in 2019, nuair a bhí an Ríocht Aontaithe ina Ballstát fós.

([3]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú éifeachtúil Threoir 2012/18/AE maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha le haghaidh na tréimhse 2015-2018, 29/09/2021, COM(2021) 599.

([4]) 2014/896/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2014 lena leagtar síos an fhormáid chun faisnéis ó na Ballstáit a chur in iúl faoi chur chun feidhme Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad C(2014) 9335).

([5]) EUROPA - Deais eSPIRS - An Coimisiún Eorpach

aidhm don achoimre seo measúnú a dhéanamh ar leibhéal chur chun feidhme na Treorach agus aon easnamh nach mór aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint. Le Roinn 1.2 forlíontar an roinn roimhe le sonraí maidir le tionóiscí a fuarthas ó anailís ar bhunachar sonraí mórthionóiscí (eMARS)[6], arna n-oibriú ag an mBiúró um Ghuaiseacha Mórthionóiscí de chuid Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh.

- Leagtar amach i gCuid II na gníomhaíochtaí a bhfuil coinne leo a dhéanfaidh an Coimisiún chun oibriú leis na Ballstáit chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcosc ar thionóiscí tionsclaíocha agus ar an ullmhacht thionsclaíoch, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chur chun feidhme.

Mar is amhlaidh i gcás measúnuithe roimhe seo, tá torthaí na tuarascála seo bunaithe go príomha ar an bhfaisnéis atá sna tuarascálacha a chuir na Ballstáit isteach agus ar a n-anailís mhionsonraithe[7] chomh maith le sonraí ábhartha eile a baineadh as bunachair sonraí eSPIRS agus eMARS.

Tá na 27 dtuarascáil ó na Ballstáit lena gcumhdaítear tréimhsí tuairiscithe 2019-2022 agus tréimhsí tuairiscithe roimhe sin ar fáil go poiblí[8].

1. ACHOIMRE AR THUARASCÁLACHA NA MBALLSTÁT

Chuir gach ceann de na 27 mBallstát a dtuarascálacha ráithiúla faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh na tréimhse 2019-2022.

1.1. Staitisticí maidir le bunaíochtaí

1.1.1. Líon na mbunaíochtaí

In 2022, tháinig 11 059 mbunaíocht san iomlán in AE27 faoi raon feidhme Threoir Seveso III (cf. *Fíor 1*). Is méadú 168 mbunaíocht bhreise é sin i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe, is é sin gur tuairiscíodh 10 836 mbunaíocht sna 27 mBallstát céanna in 2018[9]. Le linn na tréimhse tuairiscithe, ba iad an Ghearmáin (34 %), an Fhrainc (11 %), an Iodáil (9 %), an Spáinn 8 %) agus an Pholainn (4 %) na Ballstáit a raibh an sciar is mó de bhunaíochtaí Seveso acu.

([6]) Córas um Thuairisciú Mórthionóiscí (https://emars.jrc.ec.europa.eu).

([7]) Anailís agus achoimre ar thuarascálacha na mBallstát maidir le cur chun feidhme Threoir 2012/18/AE maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha de réir na formáide a bunaíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/896/AE ón gCoimisiún

([8]) https://circabc.europa.eu/w/browse/4cc9ca17-0920-4d8a-8796-6ffa170612b7

([9]) Mar sin féin, le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, bhí an líon iomlán bunaíochtaí Seveso a tuairiscíodh in 2022 níos ísle ná an líon iomlán bunaíochtaí Seveso a tuairiscíodh in 2018 (faoi 717). Áiríodh san fhigiúr sin sonraí ón Ríocht Aontaithe, arbh í an tír í ag a raibh an ceathrú líon is airde de bhunaíochtaí Seveso san Aontas.

Bhí cion na mbunaíochtaí uas-sraithe[10] agus bunaíochtaí íos-sraithe tairiseach[11] le linn na tréimhse tuairiscithe agus ó bhí an tréimhse tuairiscithe roimhe sin ann, is é sin 43 % ar an meán ina mbunaíochtaí uas-sraithe agus 57 % ina mbunaíochtaí íos-sraithe.

Fíor 1: An líon bunaíochtaí Seveso in 2022[12]



	DE	FR	IT	ES	BE	NL	SE	PL	FI	RO	CZ	HU	AT	BG	EL	PT	DK	IE	SK	HR	EE	SI	LV	LT	CY	LU	MT
Bunaíochtaí uas-sraithe	1,17	680	507	439	227	221	201	187	140	115	114	110	87	86	81	69	65	49	46	35	33	30	28	20	11	8	7
Bunaíochtaí íos-sraithe	2,68	620	478	418	167	163	199	242	181	148	96	145	76	113	139	114	55	50	32	36	23	26	33	25	16	8	3

Mar a léirítear i *bhFíor 2*, is féidir méadú mall ach seasta a thabhairt faoi deara go dtí 2018 ar an líon bunaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir. Ní mór é sin a chur i gcomhthéacs le trí bhabhta méadaithe AE le linn na tréimhse sin (2004, 2007 agus 2013) agus le hathrú ar raon feidhme Threoir Seveso III tar éis an athbhreithnithe ar Threoir 96/82 an 9 Nollaig 1982 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha[13] (Treoir Seveso-II) in 2012. Níor tuairiscíodh sonraí maidir le bunaíochtaí íos-sraithe ach amháin ón tréimhse tuairiscithe 2009-2011.

Tar éis 2018, mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach tháinig laghdú ar líon iomlán bhunaíochtaí Seveso i gcomparáid leis an tréimhse roimhe

([10]) Airteagal 3.2 de Threoir Seveso III: ciallaíonn ‘bunaíocht íos-sraithe’ bunaíocht ina bhfuil substaintí contúirteacha i láthair i gcainníochtaí atá cothrom leis na cainníochtaí a liostaítear i gColún 2 de Chuid 1 nó i gColún 2 de Chuid 2 d’Iarscríbhinn I, nó níos mó ná na cainníochtaí sin, ach níos lú ná na cainníochtaí a liostaítear i gColún 3 de Chuid 1 nó i gColún 3 de Chuid 2 d’Iarscríbhinn I, i gcás inarb infheidhme, agus úsáid á baint as riail an tsuimithe a leagtar síos i nóta 4 d’Iarscríbhinn I.

([11]) Airteagal 3.3 de Threoir Seveso III: ciallaíonn ‘bunaíocht uas-sraithe’ bunaíocht ina bhfuil substaintí contúirteacha i láthair i gcainníochtaí atá cothrom leis na cainníochtaí a liostaítear i gColún 3 de Chuid 1 nó i gColún 3 de Chuid 2 d’Iarscríbhinn I, nó níos mó ná na cainníochtaí sin, i gcás inarb infheidhme, agus úsáid á baint as riail an tsuimithe a leagtar síos i nóta 4 d’Iarscríbhinn I.

([12]) Foinse: eSPIRS.

([13]) Treoir 96/82/CE ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha, *IO L 10, 14.1.1997, lgh. 13–33*.

sin, ós rud é gurbh í an Ríocht Aontaithe, in 2018, an tír ina raibh an ceathrú líon is airde bunaíochtaí Seveso san Aontas (8 %). Mar sin féin, mar a luaitear thuas, ba cheart a thabhairt faoi deara gur tháinig méadú beag ar líon na mbunaíochtaí Seveso sna 27 mBallstát céanna den Aontas idir 2018 agus 2022.

Fíor 2: Éabhlóid líon bhunaíochtaí Seveso 1996-2022[14]



Is iad seo a leanas na catagóirí sonracha gníomhaíochtaí is coitianta a thagann faoi Threoir Seveso III le linn na tréimhse tuairiscithe[15]:

1) Giniúint, soláthar agus dáileadh cumhachta (15 %)

2) Stóráil breosla (11 %)

3) Mórdhíol agus miondíol (9 %)

([14]) Foinse: eSPIRS. Níl sonraí le haghaidh 1996 agus 1999 go hiomlán inchomparáide mar gheall ar shainmhínithe éagsúla ar bhunaíochtaí agus ar shuiteálacha. D'fhéadfadh sé gur tuairiscíodh roinnt suiteálacha sa bhunaíocht chéanna ina n-aonar, rud a mhíníonn an laghdú dealraitheach in 2002. Ina theannta sin, athraíodh aicmiú substaintí guaiseacha de réir Threoir Seveso III.

([15]) Foinse: eSPIRS.

1.1.2. Pleananna éigeandála seachtracha

Ceanglaítear le hAirteagal 12(1)(b) de Threoir Seveso III ar oibreoirí an fhaisnéis is gá a sholáthar d'údaráis inniúla chun pleananna éigeandála seachtracha a tharraingt suas le haghaidh bunaíochtaí uas-sraithe. Tá na pleananna sin tábhachtach chun freagairt thapa chomhordaithe a thabhairt ar mhórthionóiscí agus tá ról ríthábhachtach acu maidir lena n-éifeachtaí a íoslaghdú. Ní mór athbhreithniú agus tástáil a dhéanamh orthu freisin ag eatraimh nach faide ná 3 bliana (Airteagal 12(6) den Treoir).

Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh, i bhfianaise na faisnéise atá sa tuarascáil sábháilteachta, agus cúiseanna a thabhairt lena gcinneadh, nár cheart feidhm a bheith ag an gceanglas plean éigeandála seachtrach a tháirgeadh (Airteagal 12(8) den Treoir).

1.1.2.1. Pleananna éigeandála seachtracha a ullmhú

Mar a léirítear in *bhFíor 3*, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, tarraingíodh suas pleananna éigeandála seachtracha le haghaidh fhormhór na mbunaíochtaí uas-sraithe a raibh sé sin ag teastáil ina leith. Ar an meán, bhí plean éigeandála seachtrach ag 96 % de bhunaíochtaí uas-sraithe le linn na tréimhse tuairiscithe, nó údaraíodh dóibh gan plean éigeandála seachtrach a bheith acu.

Is é an foras is coitianta a agraíonn údaráis inniúla chun easpa plean éigeandála seachtrach a údarú, bunaithe ar a measúnú, nach rachadh iarmhairtí mórthionóiscí thar theorainn an láithreáin agus/nó nach mbeadh aon riosca féideartha acu do shláinte an duine ná don chomhshaol. I measc na réasúnuithe eile a cuireadh ar fáil, bhí easpa substaintí guaiseacha sa bhunaíocht, an easpa eilimintí leochaileacha sna heilimintí a bhaineann leis na bunaíochtaí, agus na héifeachtaí teoranta a bheadh ag tionóisc a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ní raibh plean éigeandála seachtrach ag an 4 % eile de bhunaíochtaí uas-sraithe, rud a léiríonn neamhchomhlíonadh Threoir Seveso III nó botúin tuairiscithe. Tá an staid éagsúil i measc na mBallstát - féach Fíor 3.

Fíor 3: Sciar na mbunaíochtaí uas-sraithe ar tarraingíodh suas plean éigeandála seachtrach ina leith nó nár ceanglaíodh plean éigeandála seachtrach ina leith le linn na tréimhse tuairiscithe[16]



1.1.2.2.Pleananna éigeandála seachtracha a thástáil agus a athbhreithniú

Maidir le cur chun feidhme Airteagal 12(6) de Threoir Seveso III maidir le hathbhreithniú agus tástáil a dhéanamh ar phleananna éigeandála seachtracha, léiríonn tréimhse tuairiscithe 2019-2022 laghdú ar líon na bpleananna éigeandála seachtracha a ndéantar athbhreithniú, tástáil orthu, agus i gcás inar gá a thugtar cothrom le dáta ag eatraimh oiriúnacha nach faide ná 3 bliana i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin.

In 2022, ní raibh tástáil déanta ar 21 % de na pleananna éigeandála seachtrach le linn na 3 bliana roimhe. Is iad na deacrachtaí a d'eascair as paindéim COVID-19 is cúis leis sin de ghnáth. I measc na gcúiseanna eile a agraítear tá easpa acmhainní daonna, easpa acmhainní airgeadais, agus an fíoras nach raibh an t-ionchur riachtanach le haghaidh pleananna éigeandála seachtracha á sholáthar. Cuirtear an fhaisnéis a tuairiscíodh i láthair i *bhFíor 4*.

([16]) Foinse: Tuarascálacha cur chun feidhme na mBallstát agus eSPIRS.

Fíor 4: Sciar na mbunaíochtaí uas-sraithe ar tástáladh pleananna éigeandála seachtracha ina leith le linn 2019-2022[17]



1.1.3. Faisnéis don phobal

De bhun Airteagal 14(1), ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn V ar fáil go buan don phobal, lena n-áirítear go leictreonach, agus go dtabharfar cothrom le dáta í i gcás inar gá.

Faoi Iarscríbhinn V, ceanglaítear ar gach bunaíocht faisnéis a sholáthar maidir le hainm agus suíomh an láithreáin, gníomhaíocht an láithreáin, na substaintí guaiseacha atá i láthair, agus dáta na cigireachta deireanaí. Ní mór do bhunaíochtaí uas-sraithe faisnéis bhreise a chur ar fáil, lena n-áirítear achoimre don phobal maidir le cineál na nguaiseacha tionóisce, faisnéis maidir le bearta sábháilteachta chomh maith le gnéithe ábhartha den phlean éigeandála seachtrach, agus, i gcás inarb infheidhme, léiriú an bhfuil an bhunaíocht gar do chríoch Ballstáit eile agus go bhféadfadh mórthionóisc a bheith ann lena ngabhann éifeachtaí trasteorann.

Iarradh ar na Ballstáit sciar na mbunaíochtaí nach raibh an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir ar fáil ina leith a thuairisciú. Ar an iomlán, cuirtear an fhoráil sin chun feidhme go maith, agus tá faisnéis ar fáil go buan don phobal, lena n-áirítear go leictreonach, le haghaidh 96 % de na bunaíochtaí uile ar fud an Aontais. Comhlíonann formhór na mBallstát go hiomlán forálacha Threoir Seveso III a bhaineann le hinfhaighteacht bhuan faisnéise de bhun Iarscríbhinn V. Níor thuairiscigh ach líon teoranta Ballstát nach raibh an fhaisnéis a iarradh faoi Iarscríbhinn V ar fáil go buan i ndáil le roinnt bunaíochtaí uas-sraithe. I gcás an chuid is mó díobh, cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal arna iarraidh sin. Sainaithníodh roinnt botún tuairiscithe freisin.

([17]) Foinse: Tuarascálacha cur chun feidhme na mBallstát agus eSPIRS.

Cuirtear an fhaisnéis sin i láthair i *bhFíor 5*.

Fíor 5: Sciar na mbunaíochtaí a gcuirtear an fhaisnéis in Iarscríbhinn V ina leith ar fáil go buan don phobal[18]



Ceanglaítear le hAirteagal 14(2)(a), i gcás bunaíochtaí uas-sraithe amháin, go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh gach duine ar dócha go ndéanfaidh mórthionóisc difear dó faisnéis go tráthrialta, gan iallach a bheith air í a iarraidh, maidir le bearta sábháilteachta agus iompar riachtanach i gcás mórthionóisce.

In 2022, cuireadh faisnéis maidir le bearta sábháilteachta agus iompar riachtanach i gcás mórthionóisce ar fáil go gníomhach don phobal lena mbaineann le haghaidh 96 % de na bunaíochtaí uas-sraithe uile in AE27. Is feabhas é sin i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin ar lena linn a cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil le haghaidh 91 % de na bunaíochtaí uas-sraithe uile in AE27, is é sin gur chomhlíon formhór na mBallstát forálacha Threoir Seveso III go hiomlán agus nár thuairiscigh ach cúpla Ballstát nach gcuirtear faisnéis ar fáil. Cuirtear an fhaisnéis sin i láthair i *bhFíor 6* thíos.

Ba iad an t-idirlíon (22 Bhallstát den Aontas) agus bileoga (5 Bhallstát den Aontas), nuachtáin agus fógráin na modhanna ba choitianta inar coinníodh faisnéis maidir le bearta sábháilteachta agus iompraíocht riachtanach ar fáil go buan le linn na tréimhse tuairiscithe.

([18]) Foinse: Tuarascálacha cur chun feidhme na mBallstát.

Fíor 6: Céatadán (%) na mbunaíochtaí uas-sraithe ar cuireadh faisnéis maidir le bearta sábháilteachta agus iompraíochtaí riachtanacha ar fáil go gníomhach don phobal ina leith[19]



1.1.4. Cigireachtaí

Le hAirteagal 20 de Threoir Seveso III, ceanglaítear ar na Ballstáit córas cigireachta agus clár cigireachtaí a chur i bhfeidhm le haghaidh na mbunaíochtaí uile. Déanfar cigireacht ar bhunaíochtaí uas-sraithe gach 12 mhí agus ar bhunaíochtaí íos-sraithe gach 36 mhí, mura n-úsáidtear clár cigireachta bunaithe ar bhreithmheas córasach.

De réir Airteagal 20(5), ní mór an breithmheas córasach ar ghuaiseacha na mbunaíochtaí lena mbaineann a bheith bunaithe, ar a laghad, ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na bunaíochtaí lena mbaineann ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, agus ar an taifead ar chomhlíonadh cheanglais Threoir Seveso III. Ní mór a áirithiú leis na critéir sin an leibhéal céanna éifeachtachta ar a laghad agus a áirithítear le cigireachtaí a dhéantar ar bhonn bliantúil nó tríbhliantúil. Cumhdaítear bunaíochtaí uas-sraithe agus íos-sraithe araon leis an bhforáil sin.

I gcás inarb iomchuí, cuirtear torthaí ábhartha na gcigireachtaí a dhéantar faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais san áireamh freisin.

Ar bhonn sonraí a thuairiscigh na húdaráis inniúla le haghaidh na tréimhse tuairiscithe, rinneadh cigireacht ar 65 % ar an meán de bhunaíochtaí uas-sraithe AE27 go bliantúil ar a laghad (cf. *Fíor 7*). Maidir leis na bunaíochtaí eile, bhí an clár cigireachta, lena n-áirítear minicíocht na gcuairteanna ar an láthair, bunaithe ar bhreithmheas córasach ar ghuais mhórthionóiscí na bunaíochta lena mbaineann[20].

([19]) Foinse: Tuarascálacha cur chun feidhme na mBallstát agus eSPIRS.

([20]) Thuairiscigh roinnt Ballstát sonraí forluiteacha idir na cineálacha cigireachtaí sin, toisc go ndéantar cigireacht ar roinnt bunaíochtaí bunaithe ar bhreithmheas córasach ar ghuaiseacha mórthionóisce agus go ndéantar cigireacht orthu uair sa bhliain ar a laghad.

I gcás bunaíochtaí íos-sraithe, rinneadh cigireachtaí ar an meán uair amháin gach 3 bliana ar a laghad in 86 % de bhunaíochtaí íos-sraithe AE27 (cf. *Fíor 8)*[21].

Fíor 7: Sciar na mbunaíochtaí uas-sraithe arna n-iniúchadh ag na Ballstáit[22]



	AT	BE*	BG	CY*	CZ*	HR	DE	DK*	EE	EL	ES*	FI	FR	HU*	IE*	IT	LT	LU	LV	MT*	NL	PL	PT	RO	SE	SI*	SK*
Bunaithe ar mheastóireacht chórasach (bunaíochtaí uas-sraithe) - %	17%	100%	0%	100%	18%	100%	80%	100%	0%	0	0%	100%	0%	0%	0%	100%	5%	0%	0%	0%	100%	0%	92%	0%	28%	0%	0%
Déantar cigireacht orthu uair sa bhliain ar a laghad (i gcás ina soláthraíonn na Ballstáit sonraí)	87%	0%	100%	100%	92%	57%	43%	100%	100%	38%	69%	31%	100%	100%	100%	22%	95%	100%	100%	100%	100%	100%	8%	100%	72%	100%	100%

Bunaithe ar mheastóireacht chórasach (bunaíochtaí uas-sraithe) - %
Déantar cigireacht orthu uair sa bhliain ar a laghad (i gcás ina soláthraíonn na Ballstáit sonraí)

(21) I gcás bunaíochtaí uas-sraithe, thuairiscigh roinnt Ballstát sonraí forluiteacha, toisc go ndéantar cigireacht ar roinnt bunaíochtaí bunaithe ar bhreithmheas córasach agus go ndéantar cigireacht orthu fós gach 3 bliana.

(22) Foinse: Tuarascálacha cur chun feidhme na mBallstát agus eSPIRS.

Fíor 8: Sciar na mbunaíochtaí íos-sraithe arna n-iniúchadh ag na Ballstáit[23]



Ar an iomlán, tá laghdú tagtha ar chion na mbunaíochtaí uas-sraithe a ndearnadh cigireacht orthu go bliantúil ar a laghad i gcás na tréimhse 2019-2022 i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, is é sin go ndearnadh cigireacht bhliantúil ar 65 % de na bunaíochtaí uas-sraithe in aghaidh 69 % le haghaidh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin. Mar sin féin, tháinig méadú ó 65 % go 86 % ó bhí an tréimhse tuairiscithe dheireanach ann ar chion na mbunaíochtaí íos-sraithe atá faoi réir cigireachta gach 3 bliana ar a laghad. Thuairiscigh roinnt Ballstát nach raibh cigireachtaí chomh minic céanna ina dtír féin le linn na tréimhse 2019-2022 mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Chuir formhór na mBallstát in iúl go ndéantar foráil lena reachtaíocht náisiúnta nó lena dtreoraíocht riaracháin maidir le cigireachtaí comhordaithe nó comhpháirteacha agus go ndéantar cigireachtaí faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 2010/75/AE maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha[24] nó Treoir (AE) 2015/2193 maidir le Gléasraí Dócháin Meánmhéide[25].

1.1.5. Toirmeasc ar úsáid, pionóis agus ionstraimí comhéigneacha eile

Faoi Airteagal 19 de Threoir Seveso III, ní mór do na Ballstáit toirmeasc a chur ar aon bhunaíocht a oibriú i gcás ina bhfuil easnamh tromchúiseach ar na bearta a dhéanann an

([23]) Foinse: Tuarascálacha cur chun feidhme na mBallstát agus eSPIRS.

([24]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl arna leasú le Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear (Téacs atá ábhartha maidir le LEE).

([25]) Treoir (AE) 2015/2193 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe ó ghléasraí dócháin meánmhéide san aer a theorannú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE).

t-oibreoir chun mórthionóiscí a chosc agus a mhaolú, mar shampla mainneachtain thromchúiseach na gníomhaíochtaí riachtanacha a shainaithnítear sa tuarascáil chigireachta a dhéanamh.

San iomlán, le linn na tréimhse tuairiscithe, thuairiscigh naoi mBallstát toirmeasc ar oibriú bunaíochta toisc go raibh easnamh tromchúiseach sna bearta a rinne an t-oibreoir chun mórthionóiscí a chosc agus a mhaolú. Bhain sé sin le 67 mbunaíocht, is é sin 0,6 % de bhunaíochtaí uile Seveso in AE27 (cf. *Fíor 9*).

Fíor 9: An líon iomlán bunaíochtaí ar toirmisceadh a n-úsáid le linn na tréimhse tuairiscithe[26]



1.2. Staitisticí maidir le mórthionóiscí

Tá líon na mórthionóiscí ar cheann de na príomhtháscairí chun éifeachtacht fhoriomlán Threoir Seveso III a thomhas maidir lena n-íoslaghdú agus lena dtionchar díobhálach. Faoi Airteagal 18, iarrtar ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na mórthionóiscí a tharla laistigh dá gcríoch, agus a chomhlíonann na critéir chainníochtúla a leagtar amach in Iarscríbhinn VI:

- Critéar 1: aon mhórthionóisc a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas: Lena bhfuil baint ag substaintí contúirteacha, gortú a dhéanamh do dhaoine agus damáiste a dhéanamh do mhaoin réadach, damáiste a dhéanamh láithreach don chomhshaol, damáiste a dhéanamh do mhaoin, damáiste trasteorann a dhéanamh.
- Critéar 2: Tionóisc nó ‘neasteagmhas’ a mheasann na Ballstáit a bheith ina leas teicniúil ar leith chun mórthionóiscí a chosc agus a n-iarmhairtí a theorannú agus nach gcomhlíonann na critéir chainníochtúla a shainítear faoi chritéar 1.

Déantar teagmhais den sórt sin a thuairisciú trí bhunachar sonraí tiomnaithe (eMARS)[27] a chuirtear ar fáil do na Ballstáit chun malartú ceachtanna foghlamtha ó thionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha a éascú chun feabhas a chur ar chosc tionóiscí ceimiceacha agus ar mhaolú na n-iarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ann.

([26]) Foinse: Tuarascálacha cur chun feidhme na mBallstát.

([27]) EUROPA - Deais eMARS - an Coimisiún Eorpach

Le linn na tréimhse tuairiscithe 2019-2022, foilsíodh 87 dtionóisc san iomlán i mbunachar sonraí eMARS[28], ar tuairiscíodh 62 thionóisc ina measc mar mhórthionóiscí (ag comhlíonadh an chéad chritéar d'Iarscríbhinn VI), 24 mar neasteagmhais agus 1 mar theagmhas 'eile', mar a léirítear i *bhfíoracha 10 agus 11*. Le linn na tréimhse, tharla formhór na dtionóiscí a foilsíodh go dtí seo i mbunaíochtaí uas-sraithe (d'fhéadfadh uainiú cathain is féidir tuarascálacha a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú a bheith éagsúil ag brath ar cathain a thugtar imscrúduithe agus próisis dhlíthiúla i gcrích ar deireadh).

Fíor 10: Líon na dtionóiscí de réir na bliana inar tharla siad agus de réir leibhéil sna blianta 2019-2022[29]



([28]) Foinse: eMARS. Tionóiscí atá fós á bpróiseáil nó atá á n-imscrúdú agus tionóiscí i stádas oibre nár tuairiscíodh.

([29]) Foinse: eMARS.

Fíor 11: Líon na dtionóiscí de réir bhliain an teagmhais agus de réir chineál an teagmhais sna blianta 2019-2022[30]



Foilsíonn na Ballstáit tuairiscithe sonraí freisin maidir le líon na mbásanna agus na ngortuithe i mórthionóiscí agus líon na dtionóiscí lenar bhain básanna agus gortuithe (féach *Fíor 12*). San iomlán, le linn na tréimhse tuairiscithe 2019-2022, bhain 21 theagmhas tuairiscithe le básanna (39 mbás ar an láthair agus bás amháin lasmuigh den láthair) agus bhain 22 theagmhas le gortuithe (127 ngortú ar an láthair agus 28 ngortú lasmuigh den láthair). Chomhlíon 35 thionóisc an critéar tairsí maidir le luach dhá mhilliún euro ar a laghad de dhamáiste do mhaoin sa bhunaíocht, de bhun phointe 4(a) d'Iarscríbhinn VI de Threoir Seveso III.

Fíor 12: Líon na mbásanna agus na ngortuithe i Mórthionóiscí Seveso i mBallstáit an Aontais sna blianta 2019-2022[31]



Le linn na tréimhse 2019-2022, is iad (cf. *Fíor 13*) na critéir is coitianta a thuairiscítear as na sé cinn dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI chun fógra a thabhairt don Choimisiún faoi mhórthionóisc:

([30]) Foinse: eMARS.

([31]) Foinse: eMARS.

- cainníocht na substaintí lena mbaineann.
- spéis sna ceachtanna foghlama.
- damáiste do mhaoin.

Fíor 13: Critéir chun mórthionóiscí in eMARS a thuairisciú don tréimhse 2019-2022[32]



A mhéid a bhaineann leis an ngníomhaíocht thionsclaíoch lena mbaineann, léiríonn na sonraí a bailíodh gurb iad suiteálacha ceimiceacha (33 thionóisc) agus earnálacha na scaglann peitriceimiceach agus ola (29 dtionóisc) is mó a bhíonn i mbaol mórthionóiscí sa tréimhse tuairiscithe (cf. *Fíor 14*).

([32]) Tá suim na gcritéar tuairiscithe níos airde ná líon iomlán na dtionóiscí tuairiscithe, toisc go bhféadfadh tionóisc amháin roinnt critéar a chomhlíonadh.

Fíor 14: Líon na dtionóiscí agus na dteagmhas de réir cineál gníomhaíochta sna blianta 2019-2022[33]



Is fianaise iad na sonraí sin go rannchuidíonn Treoir Seveso III go mór le minicíocht íseal mórthionóiscí a bhaint amach.

([33]) Foinse: eMARS.

Fíor 15: Líon na dtionóiscí a bhaineann leis an líon gléasraí Seveso sna blianta 2015-2022



	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
Bunaíochtaí uas-sraithe	4720	4999	5114	5108	5101	4762	4772	4768
Bunaíochtaí íos-sraithe	5282	6938	6603	6613	6806	6213	6266	6291
Tionóiscí bunaíochtaí uas-sraithe	27	25	25	32	17	15	18	6
Tionóiscí bunaíochtaí íos-sraithe	12	8	14	6	9	8	11	3

2 AN BEALACH CHUN CINN CHUN FEABHAS A CHUR AR CHOSC TIONÓISCÍ TIONSCLAÍOCHA

Leis na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit maidir le cur chun feidhme Threoir Seveso III, soláthraítear faisnéis úsáideach chun na gníomhaíochtaí is gá a shainaithint chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcosc ar thionóiscí tionsclaíocha. Chun na críche sin, sainaithníodh ceithre phríomhsheift:

1. cur chun feidhme agus comhlíonadh a fheabhsú.
2. tuairisciú simplithe agus cuíchóirithe a chur i bhfeidhm le haghaidh na gcéad tréimhsí tuairiscithe eile;
3. malartuithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún a neartú maidir leis na ceachtanna foghlamtha agus na dea-chleachtais.
4. aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua na sábháilteachta tionsclaíche a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an aistriú fuinnimh.

Cur chun feidhme agus comhlíonadh Threoir Seveso III a fheabhsú

B'éigean do na Ballstáit Treoir Seveso III a thrasuí faoin 31 Bealtaine 2015**.** Tá bearta trasuite curtha in iúl ag na Ballstáit uile.

Idir an dá linn, tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar thrasuí ceart na Treorach, agus tá sé imeacht ar oscailt faoi láthair i gcoinne na mBallstát toisc nár thrasuigh siad Treoir Seveso III i gceart.

Leis an bhfaisnéis a chuirtear i láthair i Roinn 1, cuirtear i dtábhacht roinnt fadhbanna leanúnacha i mBallstáit áirithe maidir le pleanáil éigeandála sheachtrach agus faisnéis phoiblí a chur chun feidhme agus a thástáil. Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar na bunchúiseanna le neamhchomhlíonadh sna Ballstáit sin chun a mheas an bhfuil siad sin mar thoradh ar shaincheisteanna struchtúracha, agus sa chás sin smaoineodh an Coimisiún ar imeachtaí um shárú a thionscnamh de réir mar is iomchuí[34]. D'fhéadfadh rioscaí méadaithe tionóiscí a bheith mar thoradh ar easnaimh den sórt sin, rud a bhainfeadh an bonn de chuspóirí na Treorach.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'iarrachtaí cur chun feidhme na mBallstát, leanfaidh an Coimisiún d'aghaidh a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna inter alia trí mhalartuithe i gCoiste tiomnaithe Seveso, sa Ghrúpa Saineolaithe agus sna Meithleacha Teicniúla, agus trí bhíthin treoirdhoiciméid agus tuarascálacha teicniúla.

An tuairisciú a shimpliú agus a chuíchóiriú

Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1979[35] ón gCoimisiún in 2022 chun feabhas a chur ar an bpróiseas tuairiscithe faoi Airteagail 18(1) agus 21(3) chun faisnéis a sholáthar don Choimisiún maidir le suíomh gléasraí tionsclaíocha a thagann faoi raon feidhme Threoir Seveso III agus maidir le mórthionóiscí a tharlaíonn. Mar thoradh ar athfhorbairt na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil ar an dá bhunachar sonraí Seveso eSPIRS agus eMARS agus ar a gcomhtháthú sa '*Tairseach Eorpach um Astaíochtaí Tionsclaíocha*',[36] cruthaíodh 'ionad ilfhreastail' láraithe freisin lena soláthraítear lear mór faisnéise faoi ghnéithe éagsúla a bhaineann leis na gléasraí tionsclaíocha sin d'údaráis inniúla, do thionscail, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus don phobal. Cuireann sé sin leis na hiarrachtaí leanúnacha chun Creat Faireacháin comhtháite maidir le Truailliú Nialasach a thógáil, mar a leagtar amach sa *Chonair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách (tionscadal suaitheanta 9)*.

Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/113 eile ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2025 lena leagtar amach formáid nua chun faisnéis ó na Ballstáit a chur in iúl maidir le cur chun feidhme Threoir Seveso III[37] de bhun Airteagal 21 den Treoir sin.

Is é is aidhm don chinneadh nua seo feabhas a chur ar ábharthacht agus ar cháilíocht na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit agus an t-ualach riaracháin a laghdú an tráth céanna, i gcomhréir le gealltanais an Choimisiúin faoina threoirlínte polaitiúla nua do 2024-2029. I ndáil leis sin, rinneadh na hoibleagáidí tuairiscithe do na Ballstáit faoin ngníomh cur chun feidhme seo a shimpliú agus a chuíchóiriú go suntasach i gcomparáid leis an bhformáid tuairiscithe roimhe sin a leagtar síos faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2014/896/AE ón gCoimisiún, agus ag an am céanna d'áirithigh siad bailiúchán fóinteach faisnéise le

([34]) I gcomhréir leis na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a leagtar amach sa Teachtaireacht 'Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr trí chur i bhfeidhm níos fearr'; C(2016)8600 final.

([35]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1979 ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2022 maidir leis an bhfoirm agus na bunachair sonraí a bhunú chun an fhaisnéis a chur in iúl dá dtagraítear in Airteagail 18(1) agus 21(3) de Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/895/AE ón gCoimisiún.

([36]) https://industry.eea.europa.eu/

([37]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/113 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2025 lena leagtar síos an fhormáid chun faisnéis ó na Ballstáit a chur in iúl faoi chur chun feidhme Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/896/AE ón gCoimisiún.

haghaidh na gcéad bhabhtaí tuairiscithe eile, ag tosú don tréimhse 2023-2026 (le tuairisciú in 2027), agus béim á leagan ar shonraí uimhriúla agus caighdeánaithe.

Malartuithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún a neartú

Is príomhcholún de Threoir Seveso III í an obair ar na ceachtanna a foghlamtha ó mhórthionóiscí tionsclaíocha agus ó chigireachtaí tionsclaíocha. Tá sé ríthábhachtach cultúr na sábháilteachta tionsclaíche a choinneáil ar bun ar fud an Aontais Eorpaigh agus feabhas a chur ar chosc agus ar mhaolú tionóiscí.

Le 30 bliain anuas, chuir an Coimisiún tacaíocht theicniúil agus eolaíoch ar fáil do na Ballstáit, go háirithe trí anailís a dhéanamh ar thionóiscí tionsclaíocha agus trí aiseolas a thabhairt ar na ceachtanna foghlamtha.

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, lean an Coimisiún de bheith ag obair go dlúth leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar a bhfothú acmhainneachta i gcás inar gá. Áiríodh leis sin go háirithe an mheitheal theicniúil um chigireachtaí agus clár de chomhchuairteanna frithpháirteacha trínar féidir bearta feidhmíochta a shainaithint agus a mheasúnú, mar shampla sainmhíniú coiteann ar tháscairí a ullmhú le haghaidh cigireachta, treoir a dhréachtú nó ceardlanna a eagrú atá tiomnaithe do riachtanais shonracha bheartais (e.g. maidir le tinte ealaíne, pléascáin agus níotráití amóiniam tar éis roinnt mórthionóiscí sonracha a bhaineann leis na substaintí contúirteacha sin). Chuir an Coimisiún tacaíocht ar fáil freisin chun anailís a dhéanamh ar thionóiscí tionsclaíocha agus ar na rioscaí agus na hiarmhairtí gaolmhara.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua a bhaineann leis an tsábháilteacht thionsclaíoch a bhaineann leis an athrú aeráide, le rioscaí a bhaineann leis an tslándáil agus leis an aistriú fuinnimh

Tá dúshláin ag teacht chun cinn anois chun cuspóirí Threoir Seveso III a bhaint amach, dúshláin a bhaineann leis an ngéarú a bhfuiltear ag súil leis ar dhéine agus ar mhinicíocht teagmhas nádúrtha ón athrú aeráide agus le forbairt teicneolaíochtaí nua a ghabhann leis an aistriú fuinnimh. Thairis sin, tá rioscaí slándála roimh an Aontas Eorpach a bhaineann le fogha na Rúise faoin Úcráin agus gníomhaíochtaí hibrideacha naimhdeacha.

Is féidir le guaiseacha nádúrtha, amhail creathanna talún, tuilte, stoirmeacha, teochtaí foircneacha etc., a bheith ina gcúis le mórthionóiscí lena mbaineann dóiteáin, pléascanna agus scaoileadh tocsaineach ag bunaíochtaí ina ndéantar substaintí contúirteacha a phróiseáil, a stóráil nó a iompar. Tugtar tionóiscí ‘Natech’ ar na ‘fo-éifeachtaí’ teicneolaíocha sin a bhíonn ag tionchair ghuaiseacha nádúrtha agus, le blianta beaga anuas, díríodh níos mó ar na nithe sin ar ábhar imní iad i gcosc tubaistí agus i mbainistiú riosca ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, agus gealltanais láidre i bhfeidhm chun an tAontas a dhícharbónú agus gníomhaíochtaí atá ar bun faoi láthair chun foinsí fuinnimh a aistriú, tá beartais agus straitéisí á nglacadh ag rialtais náisiúnta ar fud an domhain, lena n-áirítear san Aontas, chun deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus chun aistriú chuig foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe chun an t-athrú aeráide a mhaolú. Mar sin féin, baineann na teicnící nua sin le guaiseacha comhshaoil, sláinte agus eacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith ann, chomh maith le rioscaí d’fhorbairt agus do ghlacadh an phobail amach anseo má chuireann siad le mórthionóiscí. Sa chomhthéacs sin, meastar gur ábhair imní

ríthábhachtacha iad saincheisteanna sábháilteachta ceallraí agus hidrigine, go háirithe saincheisteanna a bhaineann le trádstórais agus stóráil[38].

I ndáil leis an méid sin, beidh comhroinnt eolais, taithí agus dea-chleachtas idir údaráis agus saineolaithe ina ghné bhunriachtanach de na gníomhaíochtaí is gá chun cur chun feidhme comhchuibhithe Threoir Seveso III a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin atá ag teacht chun cinn. Tá sé sin ríthábhachtach chun a áirithiú nach mbeidh truailliú comhshaoil agus tubaistí mar thoradh ar iarrachtaí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus chun sábháilteacht agus folláine an phobail san Aontas a áirithiú.

3 CONCLÚIDÍ

Tá ról tábhachtach ag Treoir Seveso III, lena gcumhdaítear os cionn 11 000 bunaíocht ina bhféadfadh substaintí contúirteacha a bheith i láthair, maidir leis an Aontas an-tionsclaithe a stiúradh i dtreo na huaillmhéine maidir le truailliú nialasach trí thionóiscí tionsclaíocha a chosc. Le linn na tréimhse 2005-2022, bhí níos lú ná 30 mórthionóisc ar an meán san Aontas gach bliain, agus bhí tionchair laghdaithe acu. Tháinig laghdú air sin fiú go 22 mhórthionóisc in aghaidh na bliana le linn na tréimhse 2019-2022[39]. Breathnaítear ar an Treoir sin go forleathan mar thagarmharc do bheartas um thionóiscí tionsclaíocha agus tá sí ina heiseamláir do reachtaíocht i go leor tíortha ar fud an domhain.

Léirítear san anailís ar thuarascálacha na mBallstát go bhfuil Treoir Seveso III curtha chun feidhme go maith ar an iomlán san Aontas agus go bhfuil feabhas tagtha ar chur chun feidhme fhorálacha Threoir Seveso III i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin. Mar sin féin, spreag paindéim COVID-19 dúshláin shonracha freisin maidir le cigireachtaí a dhéanamh agus pleananna éigeandála seachtracha a thástáil. Beidh an chéad tréimhse tuairiscithe eile tábhachtach chun a dheimhniú go raibh na dúshláin sin comhchuingeach go deimhin.

I bhfianaise an mhéid sin, aithníonn an Coimisiún an gá atá le hiarrachtaí leanúnacha chun mórthionóiscí a chosc, mar a iarradh sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa phlean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach. Tá sé sin nasctha freisin le treoirlínte polaitiúla nua an Choimisiúin Eorpaigh do 2024-2029, ina bhfuil clár oibre ullmhachta agus slándála an Aontais ina phríomhthosaíocht.

Dá bhrí sin, tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí dá chomhar leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar chosc, ullmhacht agus freagairt do thionóiscí tionsclaíocha agus chun cur chun feidhme comhchuibhithe na Treorach in AE27 a áirithiú. I ndáil leis sin, féachfaidh an Coimisiún a thuilleadh le malartuithe dea-chleachtas a neartú chun tionóiscí tionsclaíocha a chosc, chun ullmhú dóibh agus chun freagairt dóibh leis na Ballstáit agus chun comhroinnt eatarthu na gceachtanna a foghlaimíodh ó thionóiscí roimhe a éascú.

([38]) Mar shampla, d'eagraigh an Coimisiún (Biúró um Ghuaiseacha Mórthionóiscí) agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) sraith seimineár gréasáin maidir le rioscaí breosla hidrigine ó 2023 i leith, lena gcothaítear malartú eolais agus taithí maidir leis na rioscaí nua sin, in éineacht le tíortha agus saineolaithe AE-ECFE.

([39]) Sonraí a bhaintear as eMARS, nach n-áirítear ann sonraí faoi thuarascálacha nuachruthaithe maidir le tionóiscí i gcás ina bhféadfadh stádas 'oibre' a bheith ag na tuarascálacha agus sonraí maidir le tionóiscí atá fós á n-imscrúdú. Ina theannta sin, is sonraí páirteacha iad sonraí foilsithe in eMARS toisc gur féidir teagmhais a thuairisciú, ar an meán, áit ar bith idir sé mhí agus dhá bhliain tar éis don teagmhas tarlú.

Ina theannta sin, aithníonn an Coimisiún gur gá feabhas a chur ar na hiarrachtaí maidir le faisnéis phoiblí agus cumarsáid phoiblí chun cultúr sábháilteachta a chothabháil agus chun freagairtí éifeachtacha a éascú i gcás tionóiscí. Ní costas í an tsábháilteacht, ach infheistíocht[40].

Sa staid gheopholaitiúil athraithe agus i gcomhthéacs ina bhfuil an Eoraip ag téamh dhá uair chomh tapa leis an meán domhanda, is ardtosaíocht don Choimisiún é an nasc idir gnéithe sábháilteachta, slándála agus comhshaoil den oiriúnú don athrú aeráide don tréimhse 2025-2029. I ndáil leis an méid sin, is príomhionstraim í Treoir Seveso III chun tosaíochtaí straitéis nua Ullmhachta an Aontais Eorpaigh a bhaint amach[41], chun rioscaí a bhainistiú ar bhealach níos fearr, chun ullmhú do ghéarchéimeanna, agus chun sábháilteacht agus slándáil ár bpobail a fheabhsú. In éineacht leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[42], beidh sé sin mar bhonn freisin do rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa.

([40]) D'fhéadfadh mórthionóiscí a bheith ina gcúis le tionchair dhíreacha agus indíreacha a bhaineann le costais fhéideartha shuntasacha, amhail costais dhaonna (costais neamhairgeadais agus airgeadais) agus costais a bhaineann le haslonnú, damáiste d'fhoirgnimh, cur isteach ar ghnó, athlonnú sealadach gnó, agus seirbhísí práinnfhreagartha. Ina theannta sin, is féidir luach airgid a chur ar thionchair níos leithne, amhail éifeachtaí ar an ráta dífhostaíochta agus ar an margadh tithíochta, costais chomhshaoil, impleachtaí don slabhra soláthair náisiúnta, éifeachtaí ar thionscal na heitlíochta, agus costais don Rialtas maidir le freagairt an imscrúdaithe. RR1055 Tionchair eacnamaíocha tionóisce ag suíomhanna mórghuaise a shamhaltú (hse.gov.uk); hazards-26-Páipéar-46-samhaltú-costais an duine agus an gheilleagair ar mhórthionóiscí.pdf (icheme.org).

([41]) Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Ullmhachta an Aontais Eorpaigh, JOIN (2025) 130 Final, 26.3.2025.

([42]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú, COM(2025) 85 Final, 26.2.2025.